



Rewarding Learning

**ADVANCED SUBSIDIARY (AS)**  
**General Certificate of Education**  
**January 2013**

Uimhir Lárionaid

71

Uimhir larrthóra

**Bitheolaíocht**  
**Aonad Measúnaithe AS 1**  
*ag measúnú*  
**Móilíní agus Cealla**  
**[AB111]**



**DÉ CÉADAOIN 9 EANÁIR, MAIDIN**

**AM**

1 uair 30 nóméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir larrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.

Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo. Tá leathanach línithe breise i ndeireadh an pháipéir seo má bhíonn sé de dhíth.

Freagair **gach ceann** de na **hocht** gceist.

Tá **Gianghraf 1.4** ar fáil le húsáid le Ceist 4 sa pháipéar seo.

Ná scríobh do fhreagraí ar an ghrianghraf seo.

**Don Scrúdaitheoir amháin**

Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	

**Marc  
iomlán**

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 75 an marc iomlán don pháipéar seo.

Tá 60 marc ag dul do Roinn A. Tá 15 mharc ag dul do Roinn B.

Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

Cuirtear i gcuimhne duit go bhfuil gá le Gaeilge mhaith agus cur i láthair soiléir sna freagraí agat.

Úsáid téarmaíocht eolaíoch sna freagraí uilig.

Ba chóir duit tuairim is **20 nóméad** a chaitheamh ar Roinn B.

Glahtar leis go bhfreagróidh tú Roinn B i bprós leanúnach.

Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i **Roinn B**, agus beidh 2 mharc ar a mhéad ag dul dó.

## Roinn A

1 Sainaithin an cillstruchtúr a bhaineann le gach ceann de na próisis seo a leanas.

- Sintéis próitéiní

---

- Foirmiú na saicíní táil

---

- Scrios na n-orgánaidí caite

---

- Gluaiseacht dhíreach substaintí idir cealla plandaí cóngaracha

---

- Foirmiú ribeasóm.

---

[5]

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc

- 2 (a) Sainaithin **dhá** chosúlacht agus **dhá** dhifríocht idir polaisiúicrídí agus tríghlicrídí.

Cosúlachtaí:

1. \_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

2. \_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

Difríochtaí:

1. \_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

2. \_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

[4]


- (b) Ainmnigh na tástálacha bithcheimiceacha a úsáidtear go sonrach le haghaidh stáirse (ar polaisiúicríd é) agus glúcós a aithint.

Stáirse \_\_\_\_\_

Glúcós \_\_\_\_\_ [1]

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc

- 3 (a) Léiríonn an léaráid thíos an chuma a bheadh ar chrómasóm le linn phrópas na miotóise.



- (i) Ainmnigh an struchtúr lipéadaithe X.

\_\_\_\_\_


[1]

- (ii) Sainaithin an tsainchéim sa timthriall cille nuair a tharlaíonn macasamhlú DNA leis an dá chrómaitid a fhoirmiú.

\_\_\_\_\_

[1]

- (b) (i) Taispeánann an léaráid thíos cill i gcéim miotóise.



Ainmnigh an chéim miotóise atá á léiriú sa léaráid.

\_\_\_\_\_

[1]

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc

- (ii) Déan cur síos ar an difríocht a bheadh ar chóiriúchán na gcrómasóm i gcill ag an chéim chéanna den chéad chilldeighilt de mhéóis.

---

---


---

---

[2]

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc

- (c) Tá imlíne de scannán dromchla cille á taispeáint anseo thíos.  
Tarraing, taobh istigh den imlíne seo, an chuma a bheadh ar an chill,  
a thaispeántar i bpáirt (b)(i), ag an chéad chéim eile de mhéóis.



[2]

- 4 Is micreagraf leictreonach tarchuir dathleasaithe é **Grianghraf 1.4**. Taispeánann sé cuid den villeas san iléam.

- (a) Sainaithin na cealla atá lipéadaithe **A** agus **B** agus na struchtúir atá lipéadaithe **C** agus **D**.

**A** \_\_\_\_\_

**B** \_\_\_\_\_

**C** \_\_\_\_\_

**D** \_\_\_\_\_

[4]

- (b) Is é  $\times 2050$  formhéadú an ghrianghraif seo. Ríomh fiorfhad na cille feadh na líne atá á léiriú ag **X–Y** ina micriméadair ( $\mu\text{m}$ ). (Taispeán do chuid oibre.)

Freagra \_\_\_\_\_  $\mu\text{m}$  [3]

Tá struchtúir eile le feiceáil i gcíteaplasma na cille **A**. Sa ghrianghraf seo, áfach, níl siad soiléir agus ní féidir iad a shainaithe.

- (c) Luaigh **dhá** orgánaid a mbeifeá ag dúil leo a bheith i gcill **A**. Mínigh an ról atá ag gach aon orgánaid i gcill **A**.

Orgánaid 1 \_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

Orgánaid 2 \_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

[4]


## **LEATHANACH BÁN**

**(Leanann na ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

- 5 Is féidir próiténí a rangú mar phróitén chruinneogach nó mar phróitén shnáithíneach. Baineann na hairónna struchtúracha atá ag próitén chruinneogach agus ag próitén shnáithíneach leis an fheidhm atá acu.

- (a) Is próitén chruinneogach í collaigin agus is collaigin í tuairim is 35% den phróitén i gcorp an duine. Is comphpháirt mhór í an chollaigin den fhíochán tacaíochta, lena n-áirítear na teannáin.

Tá struchtúr collaigine á léiriú sa léaráid thíos.



- (i) Bain úsáid as an fhaisnéis sa léaráid agus sainaithin an fhianaise faoi struchtúr tánaisteach agus struchtúr ceathartha a bheith i gcollaigin.

Struchtúr tánaisteach \_\_\_\_\_

---



---

Struchtúr ceathartha \_\_\_\_\_

---



---

[2]

- (ii) Mínigh cad é mar a bhaineann struchtúr na collaigine, mar a thaispeántar é sa léaráid, leis an fheidhm atá aici.

---



---

[1]

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc

- (b) I bpróiténí snáithíneacha agus i bpróiténí cruinneogacha araon, tá ról ag idirghníomhaíochtaí hidreafóbacha agus hidrífíleacha idir aimínaigéid agus uisce maidir le struchtúr a choinneáil.

Cé acu cuid den mhólín collaigine, **X** (seachtrach) nó **Y** (inmheánach), dar leat, ina mbeadh aimínaigéid le R-ghrúpaí hidreafóbacha le fáil? Tabhair míniú ar do fhreagra.

---



---



---

[2]

Is próitén chruinneogach é albaimín agus is compháirt intuaslagtha thábhachtach é de phlasma na fola. Cuireann sé cuid mhór le poitéinseal tuaslagáite an phlasma. Bíonn éifeacht aige seo, ina dhiaidh sin, ar ghlúaiseacht uisce isteach agus amach sna cealla coirp.

Déantar albaimín san ae agus ní féidir le daoine a bhfuil galar ae orthu go leor albaimíne a tháirgeadh.

- (c) (i) Cén t-athrú a bheadh ar phoitéinseal tuaslagáite an phlasma fola dá mbeadh easpa albaimíne ann?

---

- (ii) Déan cur síos ar an éifeacht a bheadh ag an athrú seo ar na fuilchealla dearga agus tabhair míniú air.

---



---



---

[2]

I measc chomharthaí an ghalair ae, bíonn leacht uisciúil ag bailiú i gcuas an bhoilg agus i gcuasa eile an choirp.

- (iii) Mínigh cad chuige a mbíonn uisce ag bailiú i gcuas an bhoilg in othair le galar ae.

---



---

[1]

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc

- 6 Tá próitén darb ainm cáiséin i mbainne púdraithe agus déanann an cháséin fuaidreán ar dhath an bhainne nuair a mheasctar le huisce é. Nuair a chuirtear einsím phróitéáise leis an mheascán, díleánn sé an cháséin agus éiríonn an meascán geal.

Rinneadh tástáil le héifeacht na teochta ar an einsím phróitéáise a fhiosrú.

- Cuireadh  $10\text{ cm}^3$  d'fhuaidreán bainne i bpromhadán amháin agus cuireadh  $10\text{ cm}^3$  d'fhuaidreán d'einsím phróitéáise sa cheann eile. Cuireadh an dá phromhadán isteach i ndabhach uisce ar theocht  $20^\circ\text{C}$ .
- Indiaidh 10 nóiméad, meascadh a raibh sna promhadáin agus taifeadadh an t-am sular éirigh an meascán geal.
- Rinneadh an tástáil arís le sraith tástálacha ar theochtaí suas le  $80^\circ\text{C}$ .
- Ansin ríomhadh ráta an imoibriúcháin ( $\text{nóim}^{-1}$ ).
- Tá na tortaí le feiceáil sa tábla thíos.

Teocht/ $^\circ\text{C}$	Ráta an imoibriúcháin/nóim $^{-1}$
20	0.95
30	2.00
40	4.00
50	7.50
60	8.00
70	6.00
80	1.00

- (a) Bain úsáid as an teicníc ghrafach is fóirsteanaí agus breac na sonraí thuas.  
(Bain úsáid as an ghrappháipéar ar an chéad leathanach eile.) [4]

- (b) (i) Bain úsáid as an ghráf agus meas an teocht optamach le haghaidh na einsíme seo.

\_\_\_\_\_

[1]

- (ii) Déan cur síos ar an dóigh a bhféadfaí cur leis an tástáil seo le luach níos beaichte a fháil don teocht optamach.


\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

[1]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc



- (iii)** Is é 37°C nó mar sin an teocht optamach do ráta imoibriúcháin do na heinsími próitéalise amhail tripsin atá i gcorp an duine. Taispeántar teocht optamach eile sa ghraf. Luaign fáth leis seo.

---

---

[1]

- (c)** Mínigh cad chuige ar goradh an einsím agus an fuaidreán cáiséine go leithleach sular meascadh le chéile iad.

---

---

[1]

- (d)** Le triail chothrom bhailí a bheith ann, caithfear gach athróg eile a choinneáil seasmhach. Mar shampla, caithfear an pH optamach a choinneáil seasmhach.

- (i)** Luaign cad é mar is féidir an pH a choinneáil seasmhach.

---

[1]

- (ii)** Tabhair míniú beacht ar an fháth a gcaithfear an pH a choinneáil seasmhach ar an leibhéal optamach don einsím seo.

---

---

---

---

---

---

---

---

[2]


Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc

## **LEATHANACH BÁN**

**(Leanann na ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

- 7 Léirítear píosa gairid de DNA sa léaráid thíos.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc



- (a) Sainaithin an cineál nasc atá lipéadaithe **A** agus **B**.

**A** \_\_\_\_\_

**B** \_\_\_\_\_

[2]

- (b) Cuirtear síos ar mhacasamhlú DNA mar ‘leath-imchoimeádach’. Mínigh an téarma seo.

---



---



---



---

[2]

- (c) Fuarthas fianaise a thacaíonn leis an mhacasamhlú leath-imchoimeádach sna tástálacha a rinne Meselson agus Stahl in 1958. D’fhás siad baictéir ar mheán cothaitheach ina raibh nítrigin ‘throm’ ( $^{15}\text{N}$ ) go dtí gur glacadh leis gur den chineál ‘trom’ é DNA na mbaictéar uile. Ansin, bhog siad cuid de na baictéir go dtí meán cothaitheach ina raibh nítrigin ‘éadrom’ ( $^{14}\text{N}$ ). Ansin rinneadh sampláil ar DNA na mbaictéar ar eatraimh de réir amanna giniúna na mbaictéar. Ansin scaradh an DNA i lártheifneoir (a scarann substaintí ar bhonn dlúis).

- (i) Cé acu cuid den mhóilín DNA, dar leat, ina mbeidh nítrigin?


---

[1]

Mar a thaispeántar sa léaráid thíos, bhí an DNA foinseach ‘trom’ (le  $^{15}\text{N}$  amháin). Tá suíomh an DNA ‘éadroim’ (le  $^{14}\text{N}$  amháin) á thaispeáint le comparáid a dhéanamh.

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc

- (ii) Comhlánaigh an léaráid leis an suíomh, nó na suíomhanna, a thaispeáint ina mbeadh an DNA baictéarach i ndiaidh glúine comharbasacha i meán cothaitheach le nítrigin ‘éadrom’ ( $^{14}\text{N}$ ).



[2]

- (iii) Mínigh an toradh a fuarthas i ndiaidh glúin amháin in  $^{14}\text{N}$ .

---



---



---

[1]

- (d) Tarlaíonn macasamhlú DNA go nadúrtha roimh chilldeighilt. Tá teicníc shaorga de mhacasamhlú DNA forbartha ag eolaithe comh maith.

- (i) Ainmnigh an teicníc seo.

---

[1]

- (ii) Luaigh airí tábhachtach amháin atá ag an einsím pholaiméaráise DNA a bhaineann leis an teicníc seo agus a dhéanann idirdhealú idir í agus mórchuid na bpolaiméaráisi DNA eile.

---

[1]

- (iii) Déantar ollmhéadú ar shamplaí beaga DNA sa teicníc seo. Tabhair dhá shampla den dóigh a bhféadfáí an teicníc seo a úsáid.

1. \_\_\_\_\_

2. \_\_\_\_\_

[2]

## Roinn B

Bronnfar 2 mharc ar a mhéad ar chaighdeán na cumarsáide scríofa sa roinn seo.

- 8 Víris amhail baictéarafagaigh, ionfhabhtaíonn siad cealla baictéaracha mar *Escherichia coli*. Ach an víreas easpa imdhíonachta daonna (VEID), ionfhabhtaíonn sé cineál ar leith de chill ainmhíoch.

(a) Déan cur síos ar na cosúlachtaí agus ar na difríochtaí idir an struchtúr a bhíonn ag víreas baictéarafagach agus an struchtúr a bhíonn ag víreas easpa imdhíonachta daonna (VEID). [5]

(b) Déan cur síos ar na cosúlachtaí agus ar na difríochtaí idir an struchtúr a bhíonn ag cill bhaictéarach agus an struchtúr a bhíonn ag cill ainmhíoch. [8]

Caighdeán na cumarsáide scríofa [2]

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

- (b) Déan cur síos ar na cosúlachtaí agus ar na difríochtaí idir an struchtúr a bhíonn ag cill bhaictéarach agus an struchtúr a bhíonn ag cill ainmhíoch.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

**Leathanach línithe breise**

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

Scrúdaitheoir Amháin	Athmharc
Marcanna	

---

---


**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

---

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.  
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh  
sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

**Bitheolaíocht TGO Ard-Fhotheastas (AS)**  
**Aonad Measúnaithe AS 1: Móilíní agus Cealla**  
**Eanáir 2013**

**Grianghraif 1.4**  
**(le húsáid le Ceist 4)**



© Biophoto Associates / Science Photo Library